
# Tionscadal Treisithe Eangaí Cill Dara Baile Átha Cliath

Eolas don Phobal







EirGrid.ie

Bhíomar i dteagmháil leat cheana i mí na Samhna 2024 chun EirGrid, agus ár gcuid pleananna chun an eangach leictreachais i do cheantar a threisiú, a chur faoi do bhráid. Tá comhairliúchán poiblí á reáchtáil ag EirGrid anois maidir leis an gcéad chéim de Thionscadal Treisithe Eangaí Cill Dara - Baile Átha Cliath.

Sa chéad chéim seo den chomhairliúchán, cinnfear cá háit go díreach a mbeidh an dá fhostáisiún nua suite i gceantar Chontae Átha Cliath Thiar agus Chontae Chill Dara Thoir. Lorgóidh EirGrid aiseolas freisin i ndáil leis na roghanna teicneolaíochta atá ar fáil do na fostáisiúin seo.

Sa bhróisiúr seo, léirítear na roghanna atá beartaithe don chéad chéim seo den chomhairliúchán maidir le Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara Baile Átha Cliath

Tá eolas ann maidir le tograí an tionscadail, chomh maith le sonraí maidir lenár gcuid imeachtaí eolais.

Is féidir sonraí a fháil ann maidir le conas teagmháil a dhéanamh le EirGrid, mar aon le heolas maidir le próiseas an chomhairliúcháin phoiblí, más mian leat aighneacht a dhéanamh.

## Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a dhéanann eangach leictreachais na hÉireann a fhorbairt, a bhainisitiú agus





**Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán, agus iontaofa leictreachas na hÉireann.**

a oibriú. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann, ag tabhairt cumhacht ón áit a ngintear é chuig an líonra dáilte a chuireann an leictreachas a mbímid ag úsáid gach lá inár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéal ar fáil.

Tá EirGrid freagrach as a bheith i gceannas ar aistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin freisin.

## Cad atá i gceist le Tionscadal Treisithe Eangaí Cill Dara - Baile Átha Cliath?

Is ionann Tionscadal Treisithe Eangaí – Cill Dara-Baile Átha Cliath agus tionscadal beartaithe chun déileáil le fás leantach an éilimh ar leictreachas sa réigiún, a bhfuil roinnt earnálacha taobh thiar de.

Áirítear leo sin:

- tithíocht chónaithe;
- forbairt tráchtála agus thionsclaíoch;
- leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompar (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Chun tacú le spriocanna in-athnuaite, ní mór dúinn cur go mór le líon an leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite inár líonra. Sin é an fáth a bhfuilimid ag cur chun cinn an chláir oibre is uaillmhianaí dá ndearnadh riamh sa chóras tarchurtha in Éirinn. Áirítear leis sin treisithe, uasghráduithe, agus bonneagar nua fud fad na tíre.

Tá an bonneagar leictreachais atá i gceantar Chill Dara Thoir agus Bhaile Átha Cliath Theas i mbaol teorainn a thoillte a bhaint amach. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas seo, tá gá le bonneagar nua chun soláthar leictreachais iontaofa, inbhuanaithe chuig pobail, cónaitheoirí, scoileanna agus gnólachtaí a chinntiú.

Le Tionscadal Treisithe Eangaí – Cill Dara Baile Átha Cliath, cuirfear feabhas ar thoilleadh leictreachais an réigiúin seo atá ag fás go tapa. Leis an bhforbairt fhíorthábhachtach seo, feabhsófar an eangach sa cheantar, lena gcuirfear soláthar leantach, slán ar fáil, rud a thacóidh leis an bhfás agus forbairt áitiúil, chomh maith le cuidiú leis an tír a cuid spriocanna maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

I ndáil leis an tionscadal seo, tá sé ríthábhachtach go bhforbrófar dhá fhostáisiún tarchurtha nua laistigh den limistéar sainaitheanta. Is é príomhfheidhm an fhostáisiúin ná sreafaí cumhachta a éascú idir an córas tarchurtha agu an córas dáilte chun dáileadh cumhachta chuig an áit a bhfuil gá léi a chumasú.

Tá EirGrid i mbun comhairliúchán faoi láthair maidir leis na gnéithe seo a leanas den tionscadal:

- Stáisiún nua 400/220/110kV amháin gar do theorainn Átha Cliath Theas/Chill Dara Thoir ag Baile Stíl;
- Fostáisiún nua 220/110kV amháin gar do Chaisleán an Bhagóidigh;The best technology options for these substations:
- Na roghanna teicneolaíochta is fearr do na fostáisiúin sin:
- Fostáisiún Lascthrealamh Gásinslithe (FLG);

  nó

- Fostáisiún Lascthrealamh Aerinslithe (FLA).

Mar chuid den tionscadal freisin, beidh gá le ciorcaid ghaolmhara lena nascfar na stáisiúin nua lena chéile agus le stáisiúin atá ann cheana i Má Nuad, in Inse Chór agus i gCarraig Mhaighin.


Beidh bealaí na gciorcad sin faoi réir comhairliúchán poiblí, is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi sin ar leathanach 18 den cháipéis seo.



## Cad is fostáisiún ann?

Is cuid ríthábhachtach de bhonneagar eangaí cumhachta é fostáisiún leictreachais. Tógann sé leictreachas ardvoltais ó stáisiúin cumhachta agus déanann sé an leictreachas sin a laghdú go voltas níos sábháilte, níos ísle. Leis sin, is féidir an chumhacht a tharchur chuig tithe agus chuig gnólachtaí. Cuidíonn fostáisiúin leis an sreabhadh leictreachais a rialú, lena gcinntítear soláthar slán agus seasta.





# Buntáistí an Tionscadail

Leis an treisiú eangaí seo, cruthófar deiseanna trí thoilleadh breise a soláthar chun leictreachas a chur ar fáil chuig na ceantair ina mbeidh gá leis amach anseo.

Leis sin, cuirfear ar chumas gnólachtaí, scoileanna, ospidéal, tithe agus feirmeacha fás agus a bheith faoi bhláth, agus cruthófar deiseanna freisin chun giniúint in-athnuaite a éascú.

## Geilleagrach

Cur le geilleagar an réigiúin agus tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa cheantar.

## Pobal

Sochair pobail a sheachadadh sna ceantair a éascaíonn bonneagar an tionscadail.

## Áitiúil

Cuidiú le riachtanais mhéadaitheacha iompair, fostaíochta agus tithíochta an phobail áitiúil.

## Iomaíochas

Brú anuas a chur ar chostas an leictreachais.

## Inbhuanaitheacht

Cuidiú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.

## Slándáil an tsoláthair

Feabhas a chur ar sholáthar leictreachais ar fud oileán na hÉireann.





**Céim a hAon**
Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint?

**Céim a Dó**
Cén teicneolaíochtaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh?

**Céim a Trí**
Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfadh sí seo difear a dhéanamh dó?

**Céim a Ceathair**
Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála?

**Céim a Cúig**
Iarratas ar chead pleanála.

**Céim a Sé**
Tógáil, fuinnimhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt.

## Cad atá ag tarlú anois?


Leanann forbairt an tionscadail seo cur chuige 6 Chéim EirGrid i leith Forbairt Eangaí, lena leagtar amach na céimeanna atá le glacadh chun an réiteach is fearr feidhmíochta a shainaithint agus a chur chun feidhme lena gcomhlíonfar na riachtanais a leagtar amach thuas.

Is ionann Creatlach EirGrid i leith Forbairt Eangaí agus próiseas 6 Chéim i gcás tionscadail uile forbartha eangaí EirGrid, ón mbunsmaoineamh (i.e. sainaithint an ghá chun an eangach tharchurtha leictreachais a fhorbairt) tríd go dtí an tógáil deiridh agus an fuinnimhiú ina dhiaidh sin. Sa ghrafaic thuas, tugtar forléargas de 6 chéim na Forbartha Eangaí.

Tá Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara Baile Átha Cliath ag **Céim 3** faoi láthair. Is é cuspóir Chéim 3 ná an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíochta, agus an limistéar staidéir lena mbaineann chun an riachtanas ainmnithe a chomhlíonadh, a shainaithint ón ngearrliosta de roghanna a sainaithníodh roimhe seo ag Céim 1 agus ag Céim 2.










## Fostáisiún Chontae Átha Cliath Thiar

Tá trí chrios sainaitheanta ag EirGrid mar shuíomhanna féideartha le haghaidh fostáisiúin sa cheantar. Sainítear teorainneacha gach creasa leis na srianta seo a leanas atá suite díreach lasmuigh de gach crios a sainaithníodh:

### Crios Fostáisiúin ZN1


- Ó thuaidh, líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Chorcaí.
- Ó dheas, an Chanáil Mhór.
- Ar an taobh thoir, ceantar Bhaile Adaim le roinnt gnólachtaí agus Cumann CLG Na Sáirséalaigh Leamhcáin.
- Ar an taobh thiar, ceantar an Mhullaigh le roinnt réadmhaoine cónaithe feadh Lána an Tobair.

### Crios Fostáisiúin ZN2

- Ó thuaidh agus ar an taobh thiar,  an Chanáil Mhór.
- Ó dheas, Bóthar Bhaile an Locha.
- Ar an taobh thoir, Ospidéal Mhullach na Pise agus Páirc Gnó Chaisleán na Gráinsí Thiar.

### Crios Fostáisiúin ZN3

- Ó thuaidh, , Bóthar Bhaile an Locha agus Crios Fostáisiúin ZN2.
- Ar an taobh thoir, tá an R120 ina luí ar an gcrios.
- Ó dheas / ar an taobh thoir theas, ceantar an Chaisleáin Nua.
- Ar an taobh thiar, an Chanáil Mhór agus ceantar na Sceiche.






# Criosanna Fostáisiúin Bhaile Átha Cliath / Chill Dara Thoir

Tá ceithre chrios sainaitheanta ag EirGrid mar shuíomhanna féideartha le haghaidh fostáisiúin sa cheantar. Sainítear teorainneacha gach creasa leis na srianta seo a leanas atá suite díreach lasmuigh de gach crios a sainaithníodh:

## Crios Fostáisiúin ZS1

- Ó thuaidh, Líne Lastuas 110 kV Chill Chéile-Mhá Nuad atá ann cheana.
- Ó dheas, Líne Lastuas Bhaile Uí Dhuinn-Mhá Nuad atá ann cheana agus Club Gailf agus Tuaithe Chaisleán Bhairnín.
- Ar an taobh thoir, réadmhaoine cónaithe feadh an bhóthair aitiúil an L6001.
- Ar an taobh thiar, ceantar Uachtar Aird.

## Crios Fostáisiúin ZS2

- Ó thuaidh, Líne Lastuas 100kV Chill Chéile-Mhá Nuad atá ann cheana.
- Ó dheas, Líne Lastuas Bhaile Uí Dhuinn-Mhá Nuad atá ann cheana agus Club Gailf agus Tuaithe Chaisleán Bhairnín.
- Ar an taobh thoir, réadmhaoine cónaithe feadh an bhóthair aitiúil an L6001.
- Ar an taobh thiar, ceantar Uachtar Aird.

## Crios Fostáisiúin ZS3

- Ó thuaidh, Club Gailf Pháirc na Feá agus Crios ZS2.
- Ó dheas, tá Lána an Phortaigh Mhóna ina luí ar an gcrios.
- Ar an taobh thoir, tá Bóthar Bhaile Sheáin (L2003) ina luí ar an gcrios.
- Ar an taobh thiar, ciorcad dúbailte 220 kV Líne Lastuas Charraig Mhaighin-Bhaile Uí Dhuinn / Líne Lastuas Bhaile Uí Dhuinn-Mhá Nuad.

## Crios Fostáisiúin ZS4

- Ó thuaidh, Crios ZS2.
- Ar an taobh thiar thuaidh, an N7.
- Ó dheas, tá Lána an Phortaigh Mhóna ina luí ar an gcrios.
- Ar an taobh thoir, ciorcad dúbailte 220 kV Líne Lastuas Charraig Mhaighin-Bhaile Uí Dhuinn / Líne Lastuas Bhaile Uí Dhuinn-Mhá Nuad.



# Teicneolaíochtaí fostáisiúin atá á mbreithniú

Rinneadh an dá theicneolaíocht fostáisiúin thíos a bhreithniú:

- Fostáisiún Lascthrealamh Gásinslithe (FLG); agus
- Fostáisiún Lascthrealamh Aerinslithe (FLA).

Tá saintréithe ar leith ag an dá theicneolaíocht, a fhágann go bhfuil siad oiriúnach do chásanna éagsúla bunaithe ar infhaighteacht talún, ar riachtanais nasctha amach anseo, agus ar chomhlíontacht rialála.

## Fostáisiún Lascthrealamh Gásinslithe (FLG)

- Baineann sé úsáid as gás chun trealamh leictreach a insliú, rud a cheadaíonn dearadh dlúth.
- Níos lú spás ag teastáil uaidh agus tá tionchar fíorbheag amhairc aige.
- Is gnách go dtógtar laistigh é i bhfoirgnimh thiomnaithe.
- Leathnú amach anseo teoranta—is gá trealamh breise a shuiteáil ag an tús.

## Fostáisiún Lascthrealamh Aerinslithe (FLA)

- Baineann sé úsáid as aer le haghaidh inslithe, rud a fhágann go mbeidh leathnuithe amach anseo níos éasca.
- Níos mó spás ag teastáil uaidh.
- Is gnách go dtógtar lasmuigh é le lorg níos mó.

Tá buntáistí ag baint leis an dá theicneolaíocht. Braithfidh an rogha is fearr ar infhaighteacht talún, ar riachtanais fuinnimh amach anseo, agus ar rialacháin. Cuideoidh ionchur uait linn teacht ar an rogha cheart do do phobal.



*Rogha teicneolaíochta 1 - Fostáisiún Lascthrealamh Gásinslithe (FLG)*



*Rogha teicneolaíochta 2 - Fostáisiún Lascthrealamh Aerinslithe (FLA)*

## Nocht do Thuairim

Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ó Dé Máirt an 20 Bealtaine go dtí Dé hAoine an 27 Meitheamh 2025.

Tá sonraí uile an tionscadail, lena n-áirítear bróisiúr an tionscadail agus tuarascálacha mionsonraithe, ar fáil le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil ar ár suíomh gréasáin ag EirGrid.com/KildareDublin.

Más fearr leat go bhfaighfeá aon eolas a bhaineann leis an gcomhairliúchán tríd an bpost, nó más gá duit é a fháil i bhformáid eile, déan teagmháil linn.

Is mian linn do chuid tuairimí a chloisteáil. Déanfar do chuid aiseolais a athbhreithniú agus a bhreithniú agus imreoidh sé tionchar ar an dearadh nuair is féidir sin.

Is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus aisoleas a thabhairt ar go leor bealaí:

- Ar líne ag Consult.EirGrid.ie
- Trí ríomhphost chuig KildareDublin@EirGrid.com
- Trí fhoirm aiseolais ag ceann dár gcuid imeachtaí eolais i bpearsa
- Tríd an bpost chuig:

  Tionscadal Treisithe Eangaí Cill Dara - Baile Átha Cliath
  EirGrid CPT, An tUbhchruth,
  160 Bóthar Shíol Bhroin,
  Baile Átha Cliath 4,
  D04 FW28

**An dáta deiridh a ghlacfar le haighneachtaí ná Dé hAoine an 27 Meitheamh 2025**

Má bhíonn deacracht ar bith agat do chuid aiseolais a scríobh síos, beidh ball den Fhoireann Rannpháirtíochta Pobail in ann tuairimí a thógáil ar an bhfón.





## Imeachtaí Eolais

I gcaitheamh an chomhairliúcháin, beidh sraith d'imeachtaí eolais buail isteach á reáchtáil againn.

Leis seo, tugtar deis dúinn eolas a chur faoi do bhráid agus tugtar deis duit labhairt le baill d'fhoireann an tionscadail faoin tionscadal agus freagra a fháil ar aon cheisteanna a bheadh agat sula gcuireann tú do chuid tuairimí isteach.

Tabhair cuairt ar ceann dár gcuid imeachtaí eolais don phobal i bpearsa a bheidh á reáchtáil sna háiteanna seo a leanas ar fud na mbealaí beartaithe chun tuilleadh eolais a fháil agus chun labhairt le saineolaithe laistigh den fhoireann.

| Suíomh | Dáta | Am |
|---|---|---|
| Ionad Pobail Ráth Cúil | an 10 Meitheamh | 12 - 8pm |
| Leabharlann Phoiblí Leamhcháin | an 18 Meitheamh | 12 - 8pm |
| Halla Pobail Naomh Fhionáin, An Caisleán Nua | an 24 Meitheamh | 1 - 8pm |



# Oibreacha Amach Anseo

Leagtar amach sa cháipéis seo an comhairliúchán don chéad chéim den Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara –Baile Átha Cliath, maidir le dhá fhostáisiún a bheidh mar lárphointe don tionscadal. Nuair a aithneofar limistéir agus suíomhanna féideartha fostáisiúin don dá fhostáisiún atá ag teastáil, déanfar measúnú breise le dhá nó trí shuíomh faoi leith a shainaithint ina measc.

Ag an am céanna, teastaíonn obair chun an eangach a threisiú taobh istigh den limstéar staidéir. De réir mar a thagann méadú ar dhaonra na hÉireann agus ar a cuid riachtanas fuinnimh, cinntíonn eangach treisithe gur féidir leis an gcóras freastal ar an éileamh méadaithe.

Is éard atá i gceist le treisiú na heangaí an líonra reatha cáblaí, claochladán agus bonneagair eile a thugann an leictreachas chomh fada le tithe agus le gnólachtaí a fheabhsú. Bíonn uasghrádú agus méadú ar an gcóras nua i gceist leis an bpróiseas seo lena chinntiú gur féidir leis déileáil le breis cumhachta, a bheith níos seasmhaí, agus tacú le riachtanais fuinnimh amach anseo.

### Céard é an chéad chéim eile?

Nuair a bheidh gearrliosta aitheanta do shuíomhanna an dá fhostáisiún atá ag teastáil, caithfear iad a nascadh leis an eangach. Déanfaidh foireann an tionscadail measúnuithe ar na ciorcaid lena nascfar na fostáisiúin seo leis an eangach leictreachais. Ansin, tabharfar faoi chomhairliúchán poiblí chun cinneadh a dhéanamh ar na roghanna cuí teicneolaíochta agus bealaí do na ciorcaid nasctha seo.



# EirGrid agus an Pobal – an bealach a nascfaidh muid leat

## Fóram Pobail

Bunóidh EirGrid Fóram Pobail do Thionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara – Baile Átha Cliath. Is é aidhm an Fhóraim seo a chinntiú go n-éistfear le glór na bpobal áitiúil agus a nglór sin a mbeidh tionchar ag ár mbonneagar orthu. Deis plé oscailte idir foireann an tionscadail agus páirtithe leasmhara a bhfuil suim acu sa tionscadal atá sna fóraim.

Beidh na Fóraim Phobail rannpháirteach le EirGrid maidir le príomhfhorbairtí an tionscadail, mar shampla:

- an chaoi a dtugann muid faoi chumarsáid agus faoi rannpháirteachas leis an bpobal;
- nithe ar gá cuimhneamh orthu agus an tionscadal á fhorbairt;
- an chaoi ar féidir linn fíorbhuntáiste don phobal a chinntiú don cheantar a mbeidh ár mbonneagar ann

Déanfaidh áisitheoir neamhspleách cathaoirleacht ar an bhFóram agus feidmeoidh sé mar fhoras comhairliúcháin ann. Ní thiocfaidh sé seo in áit aon rannpháirteachais ná aon chomhairliúcháin eile a dhéanann EirGrid.

Le go gcoinneofar ar an eolas tú faoi ghníomhartha an fhóraim le linn fhorbairt na heangaí seo, téigh chuig ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/ KildareDublin.

## Ciste Sochair Pobail

Aithníonn Ciste Sochair Pobail EirGrid an tábhacht atá le pobail agus le gnólachtaí áitiúla a éascaíonn uasghrádú an líonra tarchurtha leictreachais agus a ghlacann le bonneagar eangaí ina gceantar. Agus an tionscadal seo á fhorbairt, oibreoidh muid chun tacú le pobail mar chuid dár bpolasaí sochair pobail.

Cuirfear ciste faoi leith ar fáil do cheantar Thionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara – Baile Átha Cliath le buntáistí díreacha a sholáthar do na pobail is gaire don bhonneagar nua. Cuirfear tús leis an obair ar an scéim sochair pobail má fhaigheann agus nuair a fhaigheann an tionscadal cead pleanála.

Tacaíonn an ciste seo, a bheidh ag teacht go cuí le scála an tionscadail, le cúiseanna áitiúla maithe agus cuidíonn sé le pobail athruithe a chur i bhfeidhm ina gceantar. Is é an aidhm fhoriomlán atá leis lorg dearfach a fhágáil ar na pobail ina bhfuil bonneagar leictreachais.

Cuirfidh na cistí seo tacaíocht ar fáil do ghrúpaí áitiúla pobail, d'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus d'fhiontair shóisialta a fheidhmíonn i bpobail nó a fhreastalaíonn ar phobail atá gar don bhonneagar nua.

Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin bpolasaí Ciste Sochair Pobail atá ag EirGrid, tabhairt cuairt ar ár suíomh gréasáin ag EirGrid.ie/Community/.

## Conas teagmháil a dhéanamh linn:

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le duine dár nOifigigh thiomanta Idirchaidrimh don Phobal:



**Eoghan O'Sullivan**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
eoghan.osullivan@eirgrid.com
+353 87 247 7732



**Stephen Quinn**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
stephen.quinn2@eirgrid.com
+353 87 001 8084

